

An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13430/25

EF 322
ECOFIN 1273
DELECT 141

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Deireadh Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 6564 final
Ábhar:	CEARTÚCHÁN ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/895 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a mhéid a bhaineann le ríomh dliteanas incháilithe agus leis an gcóras idirthréimhseach (<i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/895, an 20 Márta 2024</i>)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6564 final.

Faoi iamh: C(2025) 6564 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2025
C(2025) 6564 final

CEARTÚCHÁN

ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/895 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a mhéid a bhaineann le ríomh dliteanas incháilithe agus leis an gcóras idirthréimhseach

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/895, an 20 Márta 2024)

CEARTÚCHÁN

ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/895 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a mhéid a bhaineann le ríomh dliteanas incháilithe agus leis an gcóras idirthréimhseach

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/895, an 20 Márta 2024)

Ar leathanach 4, in Iarscríbhinn I

in ionad:

,

IARSCRÍBHINN I

NÓS IMEACHTA CHUN RANNÍOCAÍOCHTAÍ BLIANTÚLA INSTITIÚIDÍ A RÍOMH

CÉIM 1

Na Táscairí Amha a Ríomh

Déanfaidh an t-údarás réitigh na táscairí seo a leanas a ríomh trí na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

Colún	Táscaire	Bearta
Neamhchosaint ar riosca	Cistí dílse agus dliteanais incháilithe arna sealbhú ag an institiúid de bhreis ar ICDI	$\left(\frac{\text{Cistí dílse agus dliteanais incháilithe} - \text{ICDI}}{\text{Iomlán na ndliteanas lena n-áirítear cistí dílse}} \right)$ Más gá, chun críoch an táscaire seo: Ciallóidh cistí dílse suim Chaipiteal Leibhéal 1 agus Chaipiteal Leibhéal 2 i gcomhréir leis an sainmhíniú in Airteagal 4(1), pointe (118), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is iad na dliteanais incháilithe suim na ndliteanas dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (71a), de Threoir 2014/59/AE. Ciallaíonn iomlán na ndliteanas iomlán na ndliteanas mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) den Rialachán seo. Áireofar dliteanais dhíorthacha in iomlán na ndliteanas ar an mbonn go dtugtar aitheantas iomlán do chearta glanluachála contrapháirtí. Ciallóidh ICDI an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE. Ríomhfar an táscaire sin trí úsáid a bhaint as an luach

		níos airde de ICDI agus rogha á déanamh idir an luach ICDI arna ríomh ar bhonn céatadán de mhéid neamhchosanta iomláine ar riosca an eintitis lena mbaineann de bhun Airteagal 45(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE, agus an luach ICDI arna ríomh ar bhonn céatadán de thomhas neamhchosanta iomláine an eintitis lena mbaineann de bhun Airteagal 45(2), pointe (b), de Threoir 2014/59/AE.
Neamhchosaint ar riosca	Cóimheas Luamhánaithe	Cóimheas Luamhánaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 429 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus arna thuairisciú i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014.
Neamhchosaint ar riosca	Cóimheas Caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1	Cóimheas Caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 92 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus arna thuairisciú i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014.
Neamhchosaint ar riosca	TRE/Iomlán na Sócmhainní	$\left(\frac{\text{TRE}}{\text{Iomlán na sócmhainní}} \right)$ i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist: Ciallaíonn TRE méid neamhchosanta iomláine ar riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sainmhínítear iomlán na sócmhainní in Airteagal 3(12) den Rialachán seo.
Cobhsaíocht agus Éagsúlacht an Chistiúcháin	Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí	Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí mar a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 415 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
Cobhsaíocht agus Éagsúlacht an Chistiúcháin	Cóimheas Cumhdaigh ar Leachtacht	Cóimheas Cumhdaigh ar Leachtacht mar a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 415 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
Tábhacht institiúide do chobhsaíocht airgeadais nó gilleagair	Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc san Aontas Eorpach	$\left(\frac{\text{Iasachtaí idirbhainc} + \text{Taiscí idirbhainc}}{\text{Iomlán na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc san Aontas}} \right)$ i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist: Sainmhínítear iasachtaí idirbhainc mar shuim ghlanluacha iasachtaí agus airleacan d'institiúidí creidmheasa agus corparáidí eile airgeadais de réir mar a chinntear chun críoch theimpléad uimhir 4.1, 4.2, 4.3 agus 4.4 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur

		Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014. Sainmhínítear taiscí idirbhaine mar shuim ghlanluacha taiscí institiúidí creidmheasa agus corparáidí eile airgeadais de réir mar a chinntear chun críoch theimpléad uimhir 8.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014. Is éard atá in iomlán na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhaine san Aontas suim na n-iasachtaí agus na dtaiscí comhiomlána idirbhaine arna sealbhú ag institiúidí i ngach Ballstát arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 15.
--	--	--

,

léitear:

‘IARSCRÍBHINN I

NÓS IMEACHTA CHUN RANNÍOCAÍOCHTAÍ BLIANTÚLA INSTITIÚIDÍ A RÍOMH

CÉIM 1

Na Táscairí Amha a Ríomh

Déanfaidh an t-údarás réitigh na táscairí seo a leanas a ríomh trí na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

Colún	Táscaire	Bearta
Neamhchosaint ar riosca	Cistí dílse agus dliteanais incháilithe arna sealbhú ag an institiúid de bhreis ar ICDI	$\left(\frac{\text{Cistí dílse agus dliteanais incháilithe} - \text{ICDI}}{\text{Iomlán na ndliteanas lena n-áirítear cistí dílse}} \right)$ Más gá, chun críoch an táscaire seo: Ciallóidh cistí dílse suim Chaipiteal Leibhéal 1 agus Chaipiteal Leibhéal 2 i gcomhréir leis an sainmhíniú in Airteagal 4(1), pointe (118), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is iad na dliteanais incháilithe suim na ndliteanas dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (71a), de Threoir 2014/59/AE. Ciallaíonn iomlán na ndliteanas iomlán na ndliteanas mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) den Rialachán seo. Áireofar dliteanais dhíorthacha in iomlán na ndliteanas ar an mbonn go dtugtar aitheantas iomlán do chearta glanluachála contrapháirtí. Ciallóidh ICDI an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE.

		Ríomhfar an táscaire sin trí úsáid a bhaint as an luach níos airde de ICDI agus rogha á déanamh idir an luach ICDI arna ríomh ar bhonn céatadán de mhéid neamhchosanta iomláine ar riosca an eintitis lena mbaineann de bhun Airteagal 45(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE, agus an luach ICDI arna ríomh ar bhonn céatadán de thomhas neamhchosanta iomláine an eintitis lena mbaineann de bhun Airteagal 45(2), pointe (b), de Threoir 2014/59/AE.
Neamhchosaint ar riosca	Cóimheas Luamhánaithe	Cóimheas Luamhánaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 429 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus arna thuairisciú i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014.
Neamhchosaint ar riosca	Cóimheas Caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1	Cóimheas Caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 92 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus arna thuairisciú i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014.
Neamhchosaint ar riosca	TRE/Iomlán na Sócmhainní	$\left(\frac{\text{TRE}}{\text{Iomlán na sócmhainní}} \right)$ i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist: Ciallaíonn TRE méid neamhchosanta iomláine ar riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sainmhínítear iomlán na sócmhainní in Airteagal 3(12) den Rialachán seo.
Cobhsaíocht agus Éagsúlacht an Chistiúcháin	Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí	Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí mar a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 415 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
Cobhsaíocht agus Éagsúlacht an Chistiúcháin	Cóimheas Cumhdaigh ar Leachtacht	Cóimheas Cumhdaigh ar Leachtacht mar a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 415 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
Tábhacht institiúide do chobhsaíocht airgeadais nó gilleagair	Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhaine san Aontas Eorpach	$\left(\frac{\text{Iasachtaí idirbhaine} + \text{Taiscí idirbhaine}}{\text{Iomlán na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhaine san Aontas}} \right)$ i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist: Sainmhínítear iasachtaí idirbhaine mar shuim ghlanluacha iasachtaí agus airleacan d'institiúidí creidmheasa agus corparáidí eile airgeadais de réir mar a chinntear chun críoch theimpléad uimhir 4.1, 4.2, 4.3

		agus 4.4 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014. Sainmhínítear taiscí idirbhainc mar shuim ghlanluacha taiscí institiúidí creidmheasa agus corparáidí eile airgeadais de réir mar a chinntear chun críoch theimpléad uimhir 8.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014. Is éard atá in iomlán na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc san Aontas suim na n-iasachtaí agus na dtaiscí comhiomlána idirbhainc arna sealbhú ag institiúidí i ngach Ballstát arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 15.
--	--	--

CÉIM 2

Na Táscairí a Scoitheadh

1. Sa nodaireacht seo a leanas, déanann n institiúidí a innéacsú, déanann i táscairí laistigh de cholúin a innéacsú agus déanann j colúin a innéacsú.
2. Maidir le gach amh-tháscaire a eascróidh as Céim 1, x_{ij} , seachas an táscaire 'méid na tacaíochta airgeadais poiblí urghnáiche roimhe seo', ríomhfaidh an t-údarás réitigh líon na n-aicmí, k_{ij} , mar an tslánuimhir is gaire do:

$$1 + \log_2(N) + \log_2 \left(1 + \frac{|g_{ij}|}{\sigma_g} \right)$$

,

i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist:

go seasann N don líon institiúidí, a rannchuidíonn leis an socrú maoinithe réitigh, ar ina leith a ríomhtar an táscaire;

$$g_{ij} = \frac{\frac{1}{N} \sum_{n=1}^N (x_{ij,n} - \bar{x})^3}{\left[\frac{1}{N-1} \sum_{n=1}^N (x_{ij,n} - \bar{x})^2 \right]^{3/2}}$$

;

$$\bar{x} = \frac{\sum_{n=1}^N x_{ij,n}}{N}$$

;

$$\sigma_g = \sqrt{\frac{6(N-2)}{(N+1)(N+3)}}$$

.

3. Maidir le gach táscaire, seachas an táscaire ‘méid na tacaíochta airgeadais poiblí urghnáiche roimhe seo’, sannfaidh an t-údarás réitigh an líon céanna institiúidí do gach aicme, agus é mar thúsphointe aige institiúidí a bhfuil na luachanna is ísle den amh-tháscaire acu a shannadh don chéad aicme. I gcás nach féidir an líon institiúidí a roinnt go díreach ar an líon aicmí, déanfar institiúid bhreise amháin a shannadh do gach ceann de na chéad r aicmí, agus tosófar leis an aicme ina bhfuil na hinstitiúidí a bhfuil na luachanna is ísle den amh-tháscaire acu, i gcás inarb é r an chuid atá fágtha nuair atá deighilt déanta ar an líon institiúidí, N , de réir an lín aicmí, k_{ij} .

4. Maidir le gach táscaire, seachas an táscaire ‘méid na tacaíochta airgeadais poiblí urghnáiche roimhe seo’, sannfaidh an t-údarás réitigh luach ordaithe an aicme do na hinstitiúidí uile atá in aicme ar leith, agus é ag comhaireamh ó taobh na láimhe clé go taobh na láimhe deise, ionas go sainítear luach an táscaire scoite mar $I_{ij,n} = 1, \dots, k_{ij}$.

5. Ní bheidh feidhm ag an gCéim seo maidir leis na táscairí a liostaítear faoi phointí (a) agus (b) d’Airteagal 6(5) ach amháin má chinneann an t-údarás réitigh gur athróga leanúnacha iad.

CÉIM 3

Athscálú na dTáscairí

Déanfaidh an t-údarás réitigh gach táscaire a eascróidh as Céim 2, I_{ij} , a athscálú thar an raon 1-1 000 tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$RI_{ij,n} = (1\,000 - 1) * \frac{I_{ij,n} - \min_n I_{ij,n}}{\max_n I_{ij,n} - \min_n I_{ij,n}} + 1,$$

i gcás inarb iad luachanna intreacha na bhfeidhmeanna íosta agus uasta luachanna na n-institiúidí uile, a rannchuidíonn leis an socrú maoinithe réitigh, a ríomhtar an táscaire ina leith.

CÉIM 4

An Comhartha Sannta a Áireamh

1. Cuirfidh an t-údarás réitigh na comharthaí seo a leanas i bhfeidhm ar na táscairí:

Colún	Táscaire	Comhartha
Neamhchosaint ar riosca	Cistí dílse agus dliteanais incháilithe arna sealbhú ag an institiúid de bhreis ar an ICDI	–
Neamhchosaint ar riosca	Cóimheas Luamhánaithe	–
Neamhchosaint ar riosca	Cóimheas Caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1	–
Neamhchosaint ar riosca	TRE/Iomlán na Sócmhainní	+
Cobhsaíocht agus Éagsúlacht an Chistiúcháin	Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí	–

Cobhsaíocht agus Éagsúlacht an Chistiúcháin	Cóimheas Cumhdaigh ar Leachtacht	–
Tábhacht institiúide do chobhsaíocht airgeadais nó geilleagair	Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhaine san Aontas Eorpach	+
Táscairí riosca breise le socrú ag an údarás réitigh	Ballraíocht SCI (Scéim Cosanta Institiúideach)	–
Táscairí riosca breise le socrú ag an údarás réitigh	Méid na tacaíochta airgeadais poiblí urghnáiche roimhe seo	+

Maidir le táscairí a bhfuil comhartha deimhneach acu, comhfhreagraíonn luachanna níos airde do riosca níos airde institiúide. Maidir le táscairí a bhfuil comhartha diúltach acu, comhfhreagraíonn luachanna níos airde do riosca níos ísle institiúide.

Cinnfidh an t-údarás réitigh na táscairí gníomhaíochtaí trádála, neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe, díorthaigh, castacht agus inréiteacht, agus sonróidh sé a gcomhartha dá réir sin.

2. Cuirfidh an t-údarás réitigh an claochlú seo a leanas i bhfeidhm ar gach táscaire athscálaithe a eascróidh as Céim 3, $RI_{ij,n}$, chun a chomhartha a áireamh:

$TRI_{ij,n} =$	$RI_{ij,n}$	<i>más comhartha = '–' é</i>
	$1\ 001 - RI_{ij,n}$	<i>más comhartha = '+' é</i>

CÉIM 5

Táscaire Ilchodach a Ríomh

1. Déanfaidh an t-údarás réitigh na táscairí i laistigh de gach colún j a chomhiomlánú trí mheán uimhríochtúil ualaithe tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$PI_{j,n} = \sum_{ij=1}^{N_j} w_{ij} * TRI_{ij,n} = w_{1j} * TRI_{1j,n} + \dots + w_{N_j} * TRI_{N_j,n}$$

,

i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist:

gurb é w_{ij} ualú an táscaire i , i gcolún j mar a shainítear le hAirteagal 7;

gurb é N_j an líon táscairí laistigh de cholún j .

2. Chun an táscaire ilchodach a ríomh, déanfaidh an t-údarás réitigh colún j a chomhiomlánú trí mheán geoiméadrach ualaithe tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$CI_n = \prod_j PI_{j,n}^{W_j} = PI_{1,n}^{W_1} * \dots * PI_{J,n}^{W_J}$$

i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist:

gurb é W_j ualach colún j mar a shainítear le hAirteagal 7;

gurb é J an líon colún.

3. Cuirfidh an t-údarás réitigh an claochlú seo a leanas i bhfeidhm chun a shainiú go bhfuil an táscaire ilchodach deiridh ag glacadh luachanna níos airde d'institiúidí a bhfuil próifílí riosca níos airde ag baint leo:

$$FCI_n = 1\,000 - CI_n$$

CÉIM 6

Ranníocaíochtaí Bliantúla a Ríomh

1. Déanfaidh an t-údarás réitigh an táscaire ilchodach deiridh a eascróidh as Céim 5, FCI_n , a athscálú thar an raon a shainítear in Airteagal 9 tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$\tilde{R}_n = (1,5 - 0,8) * \frac{FCI_n - \min_n FCI_n}{\max_n FCI_n - \min_n FCI_n} + 0,8$$

i gcás inarb iad luachanna intreacha na bhfeidhmeanna íosta agus uasta luachanna na n-institiúidí uile, a rannchuidíonn leis an socrú maoinithe réitigh, a ríomhtar an táscaire ilchodach deiridh ina leith.

2. Déanfaidh an t-údarás réitigh ranníocaíocht bhliantúil a ríomh do gach institiúid n , seachas i leith institiúidí atá faoi réir Airteagal 10 agus seachas an chuid cnapshuime de ranníocaíochtaí na n-institiúidí ar a gcuireann na Ballstáit Airteagal 20(5) i bhfeidhm, amhail:

$$c_n = Target * \frac{\frac{B_n}{\sum_{p=1}^N B_p} \cdot \tilde{R}_n}{\sum_{p=1}^N \left(\frac{B_p}{\sum_{q=1}^N B_q} \cdot \tilde{R}_p \right)}$$

i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist:

gurb iad p, q innéacsanna na n-institiúidí;

gurb é an *sprioc* an spriocleibhéal bliantúil arna chinneadh ag an údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 4(2), lúide suim na ranníocaíochtaí arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 10 agus lúide suim aon chnapshuime a fhéadfar a íoc faoi Airteagal 20(5);

gurb é B_n méid na ndliteanas (gan cistí dílse a áireamh) lúide taisece faoi chumhdach institiúid n , arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 5 agus gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 20(5).'